# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2028 ÓN gCOIMISIÚN

## an 15 Samhain 2021

## lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Cerezas de la Montaña de Alicante" (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 53(1), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na Spáinne ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht an táisc gheografaigh faoi chosaint "Cerezas de la Montaña de Alicante", atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún ([2]), arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 106/2011 ón gCoimisiún ([3]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/123 ón gCoimisiún ([4]). Áirítear sa leasú seo athrú ar an ainm "Cerezas de la Montaña de Alicante" go "Cerezas de la Montaña de Alicante"/ "Cireres de la Muntanya d'Alacant".

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin .

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An leasú ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Cerezas de la Montaña de Alicante" (TGFC), is leasú é atá formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 1996 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle (IO L 148, 21.6.1996, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 106/2011 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2011 lena bhformheastar leasuithe nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Cerezas de la Montaña de Alicante (TGFC)] (IO L 32, 8.2.2011, lch. 3).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/123 ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2018 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Cerezas de la Montaña de Alicante (TGFC)] (IO L 22, 26.1.2018, lch. 8).

([5]) IO C 272, 8.7.2021, lch. 35.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*